



eiteog



caisleán



piliúr



taos fiacla

## An Fiosraitheoir

### Tasc 1:

Ar fhág Sióg na bhFiacla bronntanas duit féin riamh? Cad é a tharla?

### Tasc 2:

Tá Síofra ina cónaí i gcaisleán. Is foirgneamh é caisleán. Ainmnigh 5 fhoirgneamh eile.

CCEA
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

7 Sióg na bhFiacla

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## Sióg na bhFiacla

# Sióg na bhFiacla

Síofra an t-ainm atá orm. Tá mé iontach beag agus tá dath bándearg ar mo chuid gruaige. Tá **eiteoga** bándearga orm fosta. Tá mé i mo chónaí i **gcaisleán** mór sa spéir. Tá mo chaisleán galánta. Tá sé déanta as fiacla bána deasa.

Bím i mo chodladh i rith an lae ach bíonn cuid mhór le déanamh agam san oíche. Bím ag eitilt thart ar an domhan. Nuair a théann na páistí uilig a luí, téim isteach sa teach go ciúin cúramach agus ní fheiceann siad mé ar chor ar bith! Amharcaim faoin **philiúr**, agus má bhíonn fiacail ann, cuirim i mo mhála bándearg í.

Nuair a bhíonn mo mhála lán, téim ar ais go dtí mo chaisleán sa spéir. Faighim an **taos fiacla** agus mo scuab speisialta agus glanaim na fiacla uilig.

Is breá le páistí óga mé. Nuair a fhágann na páistí fiacla dom fágaim bronntanas dóibh faoin philiúr. Is mise Sióg na bhFiacla!



# Ceisteanna

**1. Cén dath atá ar ghruaig Shíofra?**
(a) Rua
(b) Bándearg
(c) Bán

**2. Cá háit a bhfuil Síofra ina cónaí?**
(a) Sa choill
(b) Cois farraige
(c) Sa spéir

**3. Cá huair a bhíonn Síofra múscailte?**
(a) I rith an lae
(b) San oíche
(c) An lá ar fad

**4. Cé acu atá fíor?**
(a) Tá Síofra ábalta eitilt
(b) Tá Síofra mór
(c) Tá a caisleán déanta as brící

**5. Cén fáth nach bhfeiceann na páistí Síofra?**
(a) Bíonn sí iontach ciúin
(b) Bíonn mála bándearg léi
(c) Déanann sí callán

**6. Cén fáth a bhfuil dúil mhór ag páistí i Síofra, do bharúil?**
(a) Tá sí iontach beag
(b) Fágann sí bronntanas dóibh
(c) Tá sí ina cónaí i gcaisleán

